ISSN 0257-9537

**Eagrán Speisialta** *

**28 Feabhra 1995**

# Iris Oifigiúil
## na gComhphobal Eorpach

An t-eagrán Gaeilge

# Achtú

Clár

**Cúirt Bhreithiúnais**

CÚIRT CHÉADCHÉIME

★ **Leasuithe ar Rialacha Nós Imeachta Chúirt Chéadchéime na gComhphobal Eorpach** 1

**Praghas: ECU 6**

GA

* Faoin tagairt L 44 a foilsíodh ábhar en eagráin seo i dteangacha oifigiúil an Chomhphobail.

# CÚIRT BHREITHIÚNAIS

## CÚIRT CHÉADCHÉIME

### LEASUITHE AR RIALACHA NÓS IMEACHTA CHÚIRT CHÉADCHÉIME NA gCOMHPHOBAL EORPACH

TÁ CÚIRT CHÉADCHÉIME NA GCOMHPHOBAL EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, a síníodh í Maastricht ar an 7 Feabhra 1992,

Ag féachaint d'Airteagal 168a den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh,

Ag féachaint d'Airteagal 32d den Chonradh ag bunú an Chomhphphobail Eorpaigh do Ghual agus Cruach,

Ag féachaint d'Airteagal 140a den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach,

Ag féachaint don Phrótacal ar Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Chomhphobail Eorpaigh, a síníodh sa Bhruiséil ar an 17 Aibreán 1957,

Ag féachaint don Phrótacal ar Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Chomhphobail Eorpaigh do Ghual agus Cruach, a síníodh i bPáras ar an 18 Aibreán 1951,

Ag féachaint don Phrótacal ar Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, a síníodh sa Bhruiséil ar an 17 Aibreán 1957,

Ag féachaint do Chinneadh ón gComhairle 88/591/CEGC, CEE, Euratom an 24 Deireadh Fómhair 1988 ag bunú Chúirt Chéadchéime na gComhphobal Eorpach (IO Uimh. L 319, 25. 11. 1988, mar aon leis an gceartúchán in IO Uimh. L 241, 17. 8. 1989), mar atá arna leasú ag Cinneadh ón gComhairle 90/353/Euratom, CEGC, CEE an 8 Meitheamh 1993 (IO Uimh. L 144, 16. 6. 1993, lch. 21) agus Cinneadh ón gComhairle 94/149/CEGC, CEE, Euratom an 7 Márta 1994 (IO Uimh. L 66, 10. 3. 1994, lch. 29),

Ag féachaint don chomhaontú na Cúirte Breithiúnais,

Ag féachaint don fhormheas d'aon toil ón gComhairle arna thabhairt ar an 22 Nollaig 1994,

De bhrí nach mór, tar éis don Chonradh ar an Aontas Eorpach agus don Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch teacht i bhfeidhm, forálacha áirithe de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Céadchéime a leasú,

TAR ÉIS NA LEASUITHE SEO A LEANAS AR A RIALACHA NÓS IMEACHTA A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear mar a leanas Rialacha Nós Imeachta Chúirt Chéadchéime na gComphobal Eorpach mar atá arna nglacadh ar an 2 Bealtaine 1991 (*Iris Oifigiúil na gComhphobal Eorpach* Uimh. L 136, 30. 5. 1991, lch. 1 mar aon leis an gceartúchán in IO Uimh. L 317, 19. 11. 1991, lch. 34) agus arna leasú ar an 15 Meán Fómhair 1994 (IO Uimh. L 249, 24. 9. 1994, lch. 17):

1. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1:

   'Sna Rialacha seo:

   — ciallaíonn "Conradh CE" an Conradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh,

   — ciallaíonn "Reacht CE" an Prótacal ar Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Chomhphobail Eorpaigh,

   — ciallaíonn "Conradh CEGC" an Conradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Ghual agus Cruach,

   — ciallaíonn "Reacht CEGC" an Prótacal ar Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Chomhphobail Eorpaigh do Ghual agus Cruach,

   — ciallaíonn "Conradh CEFA" an Conradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach (Euratom),

   — ciallaíonn "Reacht CEFA" an Prótacal ar Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach,

   — ciallaíonn "Comhaontú LEE" an Comhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch.

   Chun críocha na Rialacha seo:

   — ciallaíonn "institiúidí" institiúidí na gComhphobal agus comhlachtaí arna mbunú ag na Conarthaí, nó ag gníomh arna ghlacadh chun iad a chur chun feidhme, ar féidir leo bheith ina bpáirtithe os comhair na Cúirte Céadchéime,

— ciallaíonn "Údarás Faireacháin CSTE" an t-údarás faireacháin dá dtagraítear i gComhaontú LEE.'

2. In Airteagal 7 (1), cuirtear 'in Airteagal 168a de Chonradh CE, in Airteagal 32d de Chonradh CEGC agus in Airteagal 140a de Chonradh CEFA' in ionad 'in Airteagal 32d de Chonradh CEGC, in Airteagal 168a de Chonradh CEE agus in Airteagal 140a de Chonradh CEFA'.

3. In Airteagal 24 (7), cuirtear 'Airteagal 184 de Chonradh CE, an tríú mír d'Airteagal 36 de Chonradh CEGC nó Airteagal 156 de Chonradh CEFA' in ionad 'an tríú mír d'Airteagal 36 de Chonradh CEGC, Airteagal 184 de Chonradh CEE nó Airteagal 156 de Chonradh CEFA'.

4. Cuirtear an cúigiú fomhír nua se a leanas le hAirteagal 35 (3):

'Féadfar na Stáit, amach ó na Ballstáit, is páirtithe i gComhaontú LEE agus Údarás Faireacháin CSTE a údarú ceann de na teangacha atá luaite i mír 1 a úsáid amach ó theanga an cháis nuair a dhéanann siad idiragairt i gcás os comhair na Cúirte Céadchéime nó nuair a ghlacann siad páirt in imeachtaí um réamhrialú dá dtagraítear in Airteagal 20 de Reacht CE. Beidh an fhoráil seo infheidhme ar ráitis i scríbhinn agus ar aithisc ó bhéal. Cuirfidh an Cláraitheoir faoi deara go ndéanfar aon ráiteas nó aitheasc den sórt sin a aistriú go teanga an cháis.'

5. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 38 (1):

'1. Gníomhairí, comhairleoirí agus dlíodóirí a láithreoidh os comhair na Cúirte Céadchéime nó os comhair aon údaráis bhreithiúnaigh a bhfuil litreacha rogáide dírithe ag an gCúirt chucu, beidh díolúine acu i leith focal a deir siad nó a scríobhann siad i dtaobh an cháis nó na bpáirtithe.'

6. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 39 (a):

'(a) tabharfaidh gníomhairí ar aird doiciméad oifigiúil arna eisiúint ag an bpáirtí a bhfuil siad ag gníomhú ar a shon agus cuirfidh siad cóip den doiciméad sin ar aghaidh gan mhoill chuig an gCláraitheoir.'

7. In Airteagal 42, cuirtear 'Airteagal 17 de Reacht CE, Airteagal 20 de Reacht CEGC agus Airteagal 17 de Reacht CEFA' in ionad 'Airteagal 20 de Reacht CEGC agus Airteagal 17 de Reacht CEE agus de Reacht CEFA'.

8. In Airteagal 44 (1), cuirtear 'in Airteagal 19 de Reacht CE, in Airteagal 22 de Reacht CEGC agus in Airteagal 19 de Reacht CEFA' in ionad 'in Airteagal 22 de Reacht CEGC agus in Airteagal 19 de Reacht CEE agus de Reacht CEFA'.

9. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 44 (3):

'Caithfidh an dlíodóir a bheidh ag gníomhú ar son páirtí deimhniú a thaisceadh sa Chlárlann á rá go bhfuil sé i dteideal cleachtadh os comhair cúirte de chuid Ballstáit nó de chuid Stáit eile is páirtí i gComhaontú LEE.'

10. In Airteagal 44 (4), cuirtear 'sa dara mír d'Airteagal 19 de Reacht CE, sa dara mír d'Airteagal 22 de Reacht CEGC agus sa dara mír d'Airteagal 19 de Reacht CEFA' in ionad 'sa dara mír d'Airteagal 22 de Reacht CEGC agus sa dara mír d'Airteagal 19 de Reacht CEE agus de Reacht CEFA'.

11. In Airteagal 65, cuirtear 'd'Airteagail 21 agus 22 de Reacht CE, d'Airteagail 24 agus 25 de Reacht CEGC agus d'Airteagail 22 agus 23 de Reacht CEFA' in ionad 'd'Airteagail 24 agus 25 de Reacht CEGC, d'Airteagail 21 agus 22 de Reacht CEE agus d'Airtegail 22 agus 23 de Reacht CEFA'.

12. In Airteagal 69 (4), cuirtear 'Airteagail 187 agus 192 de Chonradh CE, Airteagail 44 agus 92 de Chonradh CEGC agus Airteagail 159 agus 164 de Chonradh CEFA' in ionad 'Airteagail 44 agus 92 de Chonradh CEGC, Airteagail 187 and 192 de Chonradh CEE agus d'Airteagail 159 agus 164 de Chonradh CEFA'.

13. In Airteagal 77, cuirtear 'sa tríú mír d'Airteagal 47 de Reacht CE, sa tríú mír d'Airteagal 47 de Reacht CEGC agus sa tríú mír d'Airteagal 48 de Reacht CEFA' in ionad 'sa tríú mír d'Airteagal 47 de Reacht CEGC, sa tríú mír d'Airteagal 47 de Reacht CEE agus sa tríú mír d'Airteagal 48 de Reacht CEFA'.

14. In Airteagal 80, cuirtear 'sa tríú mír d'Airteagal 47 de Reacht CE, sa tríú mír d'Airteagal 47 de Reacht CEGC agus sa tríú mír d'Airteagal 48 de Reacht CEFA' in ionad 'sa tríú mír d'Airteagal 47 de Reacht CEGC, sa tríú mír d'Airteagal 47 de Reacht CEE agus sa tríú mír d'Airteagal 48 de Reacht CEFA'.

15. In Airteagal 83, cuirtear 'an dara mír d'Airteagal 53 de Reacht CE, an dara mír d'Airteagal 53 de Reacht CEGC agus an dara mír d'Airteagal 54 de Reacht CEFA' in ionad 'an dara mír d'Airteagal 53 de Reacht CEGC, an dara mír d'Airteagal 53 de Reacht CEE agus an dara mír d'Airteagal 54 de Reacht CEFA'.

16. Cuirtear isteach an dara fomhír nua seo a leanas in Airteagal 87 (4):

'Beidh ar Stáit, amach ó na Ballstáit, is páirtithe i gComhaontú LEE agus ar Údarás Faireacháin CSTE a gcostais féin a íoc nuair a dhéanann siad idiragairt sna himeachtaí.'

Déantar tríú fomhír den sean-dara fomhír.

17. In Airteagal 98, cuirtear 'faoi Airteagail 173 agus 175 de Chonradh CE, faoi Airteagail 33 agus 35 de

Chonradh CEGC agus faoi Airteagail 146 agus 148 de Chonradh CEFA' in ionad 'faoi Airteagail 33 agus 35 de Chonradh CEGC, faoi Airteagail 173 agus 175 de Chonradh CEE nó faoi Airteagail 146 agus 148 de Chonradh CEFA'.

18. In Airteagal 101 (1), cuirtear 'Conarthaí CE, CEGC nó CEFA' in ionad 'Conarthaí CEGC, CEE nó CEFA'.

19. Sa chéad fomhír d'Airteagal 104 (1), cuirtear 'Airteagal 185 de Chonradh CE, an dara mír d'Airteagal 39 de Chonradh CEGC nó Airteagal 157 de Chonradh CEFA' in ionad 'an dara mír d'Airteagal 39 de Chonradh CEGC, de bhun Airteagal 185 de Chonradh CEE nó Airteagal 157 de Chonradh CEFA'.

20. Sa dara fomhír d'Airteagal 104 (1), cuirtear 'in Airteagal 186 de Chonradh CE, sa tríú mír d'Airteagal 39 de Chonradh CEGC nó in Airteagal 158 de Chonradh CEFA' in ionad 'sa tríú mír d'Airteagal 39 de Chonradh CEGC, in Airteagal 186 de Chonradh CE nó in Airteagal 158 de Chonradh CEFA'.

21. In Airteagal 110, cuirtear 'Airteagail 187 agus 192 de Chonradh CE, Airteagail 44 agus 92 de Chonradh CEGC nó Airteagail 159 agus 164 de Chonradh CEFA' in ionad 'Airteagail 44 agus 92 de Chonradh CEGC, Airteagail 187 agus 192 de Chonradh CEE nó Airteagail 159 agus 164 de Chonradh CEFA'.

22. In Airteagal 112, cuirtear 'an dara mír d'Airteagal 47 de Reacht CE, an dar mír d'Airteagal 47 de Reacht CEGC agus an dara mír d'Airteagal 48 de Reacht CEFA' in ionad' an dara mír d'Airteagal 47 de Reacht CEGC, an dara mír d'Airteagal 47 de Reacht CEE agus an dara mír d'Airteagal 48 de Reacht CEFA'.

23. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (f) sa chéad fhomhír d'Airteagal 115 (2):

'raíteas leis na himthosca ag suíomh an chirt idiragartha, nuair is de bhun an dara nó an tríú mír d'Airteagal 37 de Reacht CE, Airteagal 34 de Reacht CEGC nó an dara mír d'Airteagal 38 de Reacht CEFA a thíolactar an t-iarratas'.

24. In Airteagal 115 (3), cuirtear 'Airteagal 17 de Reacht CE, na chéad mhíre agus an dara mír d'Airteagal 20 de Reacht CEGC agus Airteagal 17 de Reacht CEFA' in ionad 'na chéad mhíre agus an dara mír d'Airteagal 20 de Reacht CEGC agus Airteagal 17 de Reacht CEE agus de Reacht CEFA'.

25. In Airteagal 125, cuirtear 'sa tríú mír d'Airteagal 41 de Reacht CE, sa tríú mír d'Airteagal 38 de Reacht CEGC agus sa tríú mír d'Airteagal 42 de Reacht CEFA' in ionad 'sa tríú mír d'Airteagal 38 de Reacht CEGC, sa tríú mír d'Airteagal 41 de Reacht CEE agus sa tríú mír d'Airteagal 42 de Reacht CEFA'.

*Airteagal 2*

Déanfar na leasuite ar na Rialacha seo, atá barántúil sna teangacha atá luaite in Airteagal 35 (1), a fhoilsiú *Iris Oifigiúil na gComhphobal Eorpach*. Tiocfaidh siad i bhfeidhm ar an gcéad lá den dara mí ó dháta a bhfoilsithe.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 17 Feabhra 1995.

*An Cláraitheoir*
H. JUNG

*An tUachtarán*
J. L. CRUZ VILAÇA